2025/2527

17.12.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2527 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Nollaig 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin tagartha le haghaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 45(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin fíor-riachtanach chun muinín agus trédhearcacht a áirithiú in idirghníomhaíochtaí ar líne. Fágann siad gur féidir suíomh gréasáin a fhíordheimhniú agus an suíomh gréasáin a nascadh leis an duine nádúrtha nó dlítheanach a n-eisítear an deimhniú dó. Bunóidh an Coimisiún liosta caighdeán tagartha le haghaidh deimhnithe den sórt sin.

(2) Leis na caighdeáin tagartha, ba cheart a bheith in ann cineálacha éagsúla deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin a chur chun feidhme le haghaidh cásanna úsáide éagsúla, lena n-áirítear a n-úsáid faoi Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Ba cheart dóibh a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Chun an nuálaíocht a chumasú agus chun freastal ar riachtanais éagsúla theicniúla agus oibríochtúla, ba cheart a cheadú leis na caighdeáin tagartha freisin deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin a eisiúint ar bhealaí éagsúla, i.e. mar dheimhnithe neamhspleácha, mar dheimhnithe atá faoi cheangal deimhnithe eile, nó i gcumraíochtaí eile a chomhlíonann ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 910/2014. Leis an tsolúbthacht sin maidir le deimhnithe cáilithe a eisiúint le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin, áirithítear gur féidir na deimhnithe a oiriúnú chun freastal ar riachtanais réimse leathan cásanna úsáide, lena gcoinnítear ar bun muinín agus idir-inoibritheacht ar fud na mBallstát, agus san am céanna gan difear a dhéanamh do shaoirse sholáthraithe brabhsálaithe gréasáin slándáil gréasáin, fíordheimhniú fearainn agus criptiú tráchta gréasáin a áirithiú ar bhealach agus tríd an modh teicneolaíochta is iomchuí dar leo.

(3) D'fhonn a áirithiú go mbeidh dóthain ama ann chun iniúchadh a dhéanamh ar sholáthraithe cáilithe seirbhísí iontaoibhe maidir le comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ó 12 mhí tar éis a theacht i bhfeidhm.

(4) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua. I gcomhréir le hAithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), ba cheart don Choimisiún an Rialachán seo a athbhreithniú agus, más gá, a thabhairt cothrom le dáta, chun é a choinneáil i gcomhréir le forbairtí domhanda, teicneolaíochtaí nua, cleachtais nua, caighdeáin nua nó sonraíochtaí teicniúla nua agus chun na dea-chleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE (IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

(5) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta faoin Rialachán seo.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus thug an Maoirseoir tuairim an 21 Deireadh Fómhair 2025 ([7]).

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leagtar amach na caighdeáin tagartha dá dtagraítear in Airteagal 45(2) de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 6 Eanáir 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([4]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([5]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([7]) Barúlacha foirmiúla MECS maidir leis an dréacht-Rialachán Cur Chun Feidhme lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann le caighdeáin tagartha le haghaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin.

IARSCRÍBHINN

An liosta caighdeán tagartha le haghaidh deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin

1. I gcás deimhnithe cáilithe le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin a eisítear lena n-úsáid i bhfíordheimhniú slándála sraithe iompair lasmuigh de chomhthéacs brabhsálaí gréasáin:

   — ETSI EN 319 411-2 V2.6.1 (2025-06); eiseofar na deimhnithe sin i gcomhréir le beartas deimhnithe QNCP-w-gen, le beartas deimhnithe QEVCP-w, nó le beartas deimhnithe QNCP-w, mar a shonraítear sa chaighdeán sin; nó

   — ETSI TS 119 495 V1.7.1 (2024-07).

2. I gcás deimhnithe cáilithe eile le haghaidh fíordheimhniú suíomhanna gréasáin seachas na deimhnithe dá dtagraítear i bpointe 1, lena n-áirítear i gcomhthéacs brabhsálaí gréasáin:

   — ETSI TS 119411-5 V2.1.1 (2025-02).